14_02.mp3

**Téipscript** **Bileog 14.2**

Comhrá 1:
- Cad é atá tú a dhéanamh san oíche amárach?
- Tá mé ag dul go dtí an teach tábhairne.

Comhrá 2:
- Cad atá á dhéanamh agat maidin Dé Sathairn?
- Tá mé ag dul go Gaillimh.

Comhrá 3:
- Cad atá tú a dhéanamh oíche Dé Domhnaigh?
- Faic. Tá mé ag dul a luí go luath.

Comhrá 4:
- Céard atá tú ar siúl agat anocht?
- Tá mé ag dul go dtí an phictiúrlann.

Comhrá 5:
- Cad atá á dhéanamh agat maidin Dé Máirt?
- Tá mé ag obair.

Comhrá 6:
- Cad é atá tú a dhéanamh oíche Dé Sathairn?
- Tá mé ag dul chuig cóisir.

Comhrá 7:
- Céard atá ar siúl agat maidin Dé Luain?
- Tá mé ag fanacht aga' baile.
-

Comhrá 8:
- Cad atá tú a dhéanamh am lóin Dé Céadaoin?
- Tada. Ceannóidh mise lón duit.

14_04.mp3

**Téipscript** **Bileog 14.4**

| | |
|---|---|
| Jan: | Cad é atá tú a dhéanamh oíche Dé hAoine? |
| Máire: | Tá mé ag dul chuig cóisir! Cad chuige? |
| Jan: | Agus oíche Dé Sathairn? |
| Máire: | Faic. |
| Jan: | Ar mhaith leat dinnéar a ithe liom? Tá bialann úr oscailte in aice leis an abhainn. Chuala mé go bhfuil sé an-deas. |

© Ollscoil Mhá Nuad

Máire: Ba bhreá liom ach rinne mé dearmad, tá mé gafa an oíche sin. Tá mo theaghlach ag teacht go Baile Átha Cliath ar cuairt agus caithfidh mé dul amach leo.
Jan: Ó is mór an trua sin.
Máire: Tá brón orm arís, rinne mé dearmad faoin teaghlach ag teacht.

**14_07.mp3**

**Téipscript** **Bileog 14.7**

Comhrá 1:
- Cad a dhéanfaimid amárach, a Chlár?
- Níl a fhios agam, céard faoi dhul ag snámh san fharraige má tá an aimsir go maith?
- Sin an-tuairim. Fan go bhfeicfimid conas mar a bheidh an aimsir mar sin!

Comhrá 2:
- Cad atá á dhéanamh agat oíche Dé hAoine?
- Faic. Cad ina thaobh?
- Ar mhaith leat deoch a ól liom?
- Ba bhreá liom.

Comhrá 3:
- Cad é atá tú a dhéanamh maidin Dé Domhnaigh?
- Tá mé ag dul go Gaillimh ag an deireadh seachtaine ach beidh mé ar ais ar a haon déag. Cad chuige?
- Tá mé ag bualadh le Pól don lón, ar mhaith leat teacht?
- Ba mhaith.

Comhrá 4:
- Cad atá á dhéanamh agat oíche Mháirt?
- Cad é faoi dhul chuig ceolchoirm sa Cheoláras Náisiúnta?
- Níl ticéad ar bith fágtha d'oíche Dé Máirt.
- Is mór an trua sin! Cad faoi dhul chuig scannán mar sin?
- Go hiontach.

Comhrá 5:
- Cad é a dhéanfaimid am lóin Déardaoin do bhreithlá Shinéad?
- Níl a fhios agam. Ní bheidh mise thart. Beidh mé as baile.
- Is mór an trua sin.

Comhrá 6:
- Cad é atá tú a dhéanamh tráthnóna Dé Sathairn?
- Tada. Cén fath?
- Ar mhaith leat teacht chuig cóisir liom?
- Cinnte! Ba bhreá liom!

© Ollscoil Mhá Nuad

Comhrá 7:

- Cad atá tú a dhéanamh ag an deireadh seachtaine?
- Níl mé ag déanamh mórán. Cad chuige?
- Ar mhaith leat teacht ag rith liom maidin Dé Domhnaigh?
- Ba bhreá ach beidh mé ag tabhairt aire do na páistí.

© Ollscoil Mhá Nuad